Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024
(OR. en)

6181/24
ADD 1

FIN 120
PE-L 5

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |


IARSCRÍBHINN 1:...................... An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)2
IARSCRÍBHINN 2:.............................................. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)5
IARSCRÍBHINN 3:Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) 8
IARSCRÍBHINN 4:....................................................... Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)11
IARSCRÍBHINN 5:....................................... An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA)13
IARSCRÍBHINN 6:........................................................................ An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)16

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

[1] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[2] IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>GHNÍOMHAIREACHT Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir leis na rioscaí a bhaineann le rannpháirtíocht na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i gcur chun feidhme SUMMA, córas nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais, mar chóras píolótach chun an córas a fhorbairt don Choimisiún. Iarrann an Chomhairle, dá bhrí sin, ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun tacaíocht a fháil trí réitigh leordhóthanacha phráinneacha chun aghaidh a thabhairt ar laigí an chórais, de réir mar a d’éiligh an Chúirt agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin í féin.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr**
**don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

1 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
2 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[2] IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Is díol imní don Chomhairle an bharúil ón gCúirt maidir leis an ardleibhéal leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí arna dtabhairt anonn faoi theideal amháin, 61.8 % in 2022 agus 54.3 % in 2021, in ainneoin na mbarúlacha a thug an Chúirt an bhliain roimhe sin. Iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin bearta a chur chun feidhme chun na saincheisteanna struchtúracha a bhaineann le pleanáil agus cur chun feidhme a buiséid a mhaolú, i gcomhréir le prionsabal buiséadach na bliantúlachta.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

1 IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
2 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[2] IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN NA COMHAIRLE NUÁLAÍOCHTA EORPAÍ AGUS NA bhFIONTAR BEAG AGUS MEÁNMHÉIDE (EISMEA)**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle barúil na Cúirte maidir le laigí rialaithe inmheánaigh, go háirithe an cás nár ghníomhaigh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, trí íocaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais an chonartha. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin an méid sin a leigheas trí nósanna imeachta rialaithe inmheánacha a fheabhsú chun cásanna comhchosúla a sheachaint amach anseo.

**IARSCRÍBHINN 4**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde**
**don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

[1] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[2] IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**IARSCRÍBHINN 5**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA) i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

[1] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[2] IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM AN tSLÁINTE AGUS AN DIGITIÚ (HADEA)</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin mar a bhí an 31 Nollaig 2022, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle barúil na Cúirte maidir le laigí i nósanna imeachta soláthair ar luach íseal, agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin an cás a leigheas, lena n-áirítear tríd an uirlis nua thiomnaithe TF le haghaidh bainistiú soláthair, chun cásanna mar sin a sheachaint amach anseo.

**IARSCRÍBHINN 6**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde (REA)**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

[1] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[1], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) don bhliain airgeadais 2022, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2022, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2022,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
2 IO C, C/2023/594, 27.10.2023.